



C/2024/5044

16.8.2024

**MOLADH AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH**

**an 8 Iúil 2024**

**Iena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir leis an measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhálartacht dheonach beart beartais macrastuamachta**

**(BERS/2024/3)**

(C/2024/5044)

AN BORD GINEARÁLTA DON BHORD EORPACH UM RIOSCA SISTÉAMACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch <sup>(1)</sup>, go háirithe larscríbhinn IX de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht macrastuamachta an Aontais Eorpaigh ar an gcóras airgeadais lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagail 3, 16 agus 18 de,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE <sup>(3)</sup>, agus go háirithe Roinn I de Chaibidil 4 de Theideal VII de,

Ag féachaint do Chinneadh BERS/2011/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 lena nglactar le Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach <sup>(4)</sup>, agus go háirithe Airteagail 18 go 20 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun bearta beartais macrastuamachta náisiúnta atá éifeachtach comhsheasmhach a áirithiú, tá sé tábhachtach an t-aitheantas a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais a chomhlánú leis an gcómhálartacht dheonach.
- (2) Is é is aidhm don chreat maidir le cómhálartacht dheonach i ndáil le bearta beartais macrastuamachta a leagtar amach i Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach <sup>(5)</sup> a áirithiú go ndéanfar na bearta beartais macrastuamachta ar fad atá bunaithe ar neamhchosaintí agus a ghníomhachtaítear i mBallstát amháin a chómhálartú sna Ballstáit eile.
- (3) An 07 Meitheamh 2024, thug Aireacht Tionscail, Gnó agus Gnóthaí Airgeadais na Danmhairge, ag gníomhú di mar an t-údarás ainmnithe chun críche Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, fógra do BERS go raibh sé ar intinn aici ráta maolán um priacal sistéamac earnálach (sectoral systemic risk buffer, syRB) a shocrú, i gcomhréir le hAirteagal 133(9) den Treoir sin. Is éard atá i gceist leis an bhfógra coigeartú ar bheart ar thug Aireacht Tionscail, Gnó agus Gnóthaí Airgeadais na Danmhairge fógra ina leith do BERS den chéad uair an 10 Deireadh Fómhair 2023 ach nár gníomhachtaíodh go fóill agus nach ndéanfar é a ghníomhachtú.

<sup>(1)</sup> IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

<sup>(2)</sup> OJL 331, 15.12.2010, lch. 1.

<sup>(3)</sup> IO L 176, 27.6.2013, lch. 338.

<sup>(4)</sup> IO C 58, 24.2.2011, lch. 4.

<sup>(5)</sup> Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 15 Nollaig 2015 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhálartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C 97, 12.3.2016, lch. 9).

- (4) Tá an beart coigeartaithe beartais macrastuamachta éagsúil leis an mbeart ar tugadh fógra faoi den chéad uair i mí Dheireadh Fómhair 2023, toisc go ndéantar an chuid de gach neamhchosaint atá laistigh de bhanda cóimheasa iasachta/luacha idir 0 % agus 15 % a eisiamh ó na neamhchosaintí a bhfuil feidhm ag an ráta sSyRB coigeartaithe maidir leo. Amhail an beart beartais macrastuamachta ar tugadh fógra ina leith an 10 Deireadh Fómhair 2023, beidh feidhm ag an mbeart beartais macrastuamachta coigeartaithe maidir le gach institiúid creidmheasa intíre ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhlúite. Beidh feidhm aige maidir le gach cineál risíochtaí atá lonnaithe sa Danmhairg ar chorparáidí neamhairgeadais a oibríonn i ngníomhaíochtaí réadmhaoine agus i bhforbairt tionscadal tógála a shaináithnítear i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochsa san Aontas (NACE) a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.<sup>(6)</sup> Ós rud é go ndearnadh an coigeartú ar an mbeart chun tionchar iomlán ráta sSyRB a ailíniú leis an tionchar a raibh coinne leis sa bheart bunaidh agus nár athraíodh an réasúnaíocht fhoriomlán, meastar nach bhfuil sa choigeartú ach miondiall ón mbeart ar tugadh fógra ina leith an 10 Deireadh Fómhair 2023.
- (5) Tá feidhm ag ráta sSyRB ón 30 Meitheamh 2024. Déanfaidh an t-údarás ainmnithe athbhreithniú ar an mbeart chun críche Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE dhá bhliain ar a dhéanaí tar éis an chéad chur i bhfeidhm.
- (6) An 7 Meitheamh 2024, chuir Aireacht Tionscail, Gnó agus Gnóthaí Airgeadais na Danmhairge iarraidh faoi bhráid BERS freisin go molfáí cómhalartú an bhirt beartais macrastuamachta coigeartaithe thuasluaite de bhun Airteagal 134(5) de Threoir 2013/36/AE.
- (7) Tar éis an fhógra an 10 Deireadh Fómhair 2023 dá dtagraítear thuas, ghlac BERS Moladh BERS/2023/13 ón mBord Eorpach um Riosca Sistémach, <sup>(7)</sup>lenar leasaíodh Moladh BERS/2015/2 le héifeacht láithreach. Cuireadh an beart beartais macrastuamachta ar tugadh fógra ina leith an 10 Deireadh Fómhair 2023 le liosta na mbeart beartais macrastuamachta a mholtar a chómhálartú faoi Mholadh BERS/2015/2. I gcás an bhirt beartais macrastuamachta ar tugadh fógra ina leith an 10 Deireadh Fómhair 2023, moladh cómhalartú ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhlúite, mar a d'iarr Aireacht Tionscail, Gnó agus Gnóthaí Airgeadais na Danmhairge.
- (8) Moltar i Moladh BERS/2015/2 ó BERS, arna leasú le Moladh BERS/2017/4, <sup>(8)</sup>gur cheart don údarás ábhartha a ghníomhaíonn beart beartais macrastuamachta, agus iarraidh ar chómhálartú á cur faoi bhráid BERS aige, tairseach ábharthachta a mholadh ar faoina bun is féidir a mheas go bhfuil neamhchosaint soláthraí seirbhíse airgeadais aonair ar an riosca macrastuamachta sainaitheanta sa dlínse ina gcuireann an t-údarás gníomhachtaithe an beart beartais macrastuamachta i bhfeidhm neamhábhhartha. Féadfaidh BERS tairseach eile a mholadh má mheastar gur gá sin.
- (9) Tar éis iarraidh na Danmhairge a fuarthas an 7 Meitheamh 2024 ar chómhálartú an bhirt ag Ballstáit eile agus chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) a áirithiú go n-áireofar an coigeartú ina dhiaidh sin ar bheart macrastuamachta na Danmhairge sa chómhálartú sin agus (ii) cosc a chur ar theacht chun cinn éifeachtaí diúltacha trasteorann i bhfoirm sceite agus arbatráiste rialála a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chur chun feidhme an bhirt beartais macrastuamachta a thioctfaidh chun bheith infheidhme sa Danmhairg; go bhfuil cinneadh déanta ag Bord Ginearálta BERS: (a) gur cheart leanúint den bheart ar tugadh fógra ina leith an 10 Deireadh Fómhair 2023 a áireamh ar liosta na mbeart beartais macrastuamachta a mholann sé a chómhálartú faoi Mholadh BERS/2015/2; agus (b) gur cheart raon feidhme an bhirt ar tugadh fógra faoi an 10 Deireadh Fómhair 2023 a choigeartú chun é a ailíniú leis an

<sup>(6)</sup> Rialachán (CE) Uimh 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochsa NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialachán CE áirithe ar réimsí sonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

<sup>(7)</sup> Moladh BERS/2023/13 ón mBord Eorpach um Riosca Sistémach an 8 Nollaig 2023 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhálartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C, C/2024/3114, 6.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/3114/oj>).

<sup>(8)</sup> Moladh BERS/2017/4 ón mBord Eorpach um Riosca Sistémach an 20 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhálartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C 431, 15.12.2017, lch. 1).

iarraidh ar chómhgartú a fuair BERS ó Aireacht Tionscail, Gnó agus Gnóthaí Airgeadais na Danmhairge. Chinn Bord Ginearálta BERS freisin a mholadh maidir le huastairseach ábharthachta institiúidsónrach EUR 200 milliún a choimeád chun cur i bhfeidhm an phrionsabail de minimis a stiúradh trí Bhallstáit chómhgartúcháin. Féadfaidh na húdaráis ábhartha a dhéanann an beart a chómhgartú institiúidí a dhíolmhú ón gceanglas maoláin um priacal sistéamach ar choinníoll nach mó a risíochtaí ábhartha ná EUR 200 mhilliún.

(10) Mar sin, ba cheart Moladh BERS/2015/2 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

### Leasuithe

Leasaítear Moladh BERS/2015/2 faoi mar a leanas:

(1) i Roinn 1, fomholadh C(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhirt faoin Danmhairg:

‘— déanfar ráta maolánach earnálach um riosca sistéamach 7 % maidir le gach cineál neamhchosanta atá lonnaithe sa Danmhairg ar chorparáidí neamhairgeadais a oibríonn i ngníomhaíochtaí eastáit réadaigh agus i bhforbairt tionscadal tógála arna sainaitheint i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas (NACE), a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, ach amháin go ndéanfar an chuid sin de gach neamhchosaint atá laistigh de raon cóimheasa iasachta/luacha idir 0 % agus 15 % a eisiáimh ó na neamhchosaintí a bhfuil feidhm ag an maolán earnála um riosca sistéamach maidir leo.’;

(2) Leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 8 Iúil 2024.

*Ceann Rúnaíocht BERS,*  
*Ar son Bhord Ginearálta BERS*  
Francesco MAZZAFERRO

## IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hIarscríbhíne a ghabhann le Moladh BERS/2015/2:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhirt faoin Danmhairg:

— **Déanfar ráta maolánach earnálach um riosca sistéamach 7 % maidir le gach cineál neamhchosanta atá lonnaithe sa Danmhairg ar chorparáidí neamhairgeadais a oibríonn i gníomhaíochtaí eastáit réadaigh agus i bhforbairt tionscadal tógála arna sainaithint i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas, a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, ach amháin go ndéanfar an chuid sin de gach neamhchosaint atá laistigh de raon cóimheasa iasachta/luacha idir 0 % agus 15 % a eisiamh ó na neamhchosaintí a bhfuil feidhm ag an maolán earnála um riosca sistéamach maidir leo.**;

(2) faoin Danmhairg, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne dar teideal 'I. Tuairisc ar an mbeart:

I. Cur síos ar an mbeart

1. Beidh feidhm ag an ráta maolánach um riosca sistéamach earnálach 7 % maidir le gach institiúid creidmheasa intíre.
2. Beidh feidhm aige maidir le gach cineál neamhchosanta atá lonnaithe sa Danmhairg ar chorparáidí neamhairgeadais a oibríonn i gníomhaíochtaí réadmhaoine seachas comhlachais tithíochta sóisialta agus comhlachais comharchumann tithíochta agus i bhforbairt tionscadal tógála. Sonraítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha ábhartha an fhéichiúnaí trí thagairt d'aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas, a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 (\*).
3. Déantar an chuid de gach neamhchosaint atá laistigh de raon cóimheasa iasachta/luacha idir 0 % agus 15 % a eisiamh ó na neamhchosaintí a bhfuil feidhm ag an maolán um riosca sistéamach earnála maidir leo. Ríomhtar an cóimheas iasachta/luacha tríd an risíocht a roinnt ar mhargadhluach reatha (measta) iomlán na maoine a bhreactar mar chomhthaobhacht.
4. Beidh feidhm ag an mbeart ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhlúite.

(\*) Tá cinneadh na bhfothacar sonracha de neamhchosaintí earnála a gcuirfead sSyRB i bhfeidhm ina leith bunaithe ar Threoirlínte ÚBE maidir leis na fothacair iomchuí de neamhchosaintí earnála a bhféadfaidh údarais inniúla nó údarais ainmnithe maolán um pricál sistéamach a chur i bhfeidhm ina leith i gcomhréir le hAirteagal 133(5)(f) de Threoir 2013/36/AE (EBA-GL-2020-13), atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE ag: [www.eba.europa.eu](http://www.eba.europa.eu);

(3) faoin Danmhairg, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne dar teideal 'II. Cóimhalartú':

II. An Cóimhalartú

5. Moltar d'údaraischómhalartúcháin ábhartha beart na Danmhairge a chóimhalartú trína chur i bhfeidhm maidir le gach cineál risíochta atá lonnaithe sa Danmhairg maidir le corparáidí neamhairgeadais atá i mbun gníomhaíochtaí eacnamaíocha sonracha, a chinntear mar seo a leanas: "Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh" de réir chód NACE (\*) "L", seachas comhlachais tithíochta sóisialta agus comhlachais comharchumann tithíochta agus "Forbairt tionscadal tógála" (41.1) de réir chód NACE "F". Ó na neamhchosaintí sin, ba cheart an chuid de gach neamhchosaint atá laistigh den raon cóimheasa iasachta/luacha idir 0 % agus 15 % a dhealú.
6. Arna iarraidh sin d'Aireacht Tionscail, Gnó agus Gnóthaí Airgeadais na Danmhairge, moltar do na húdarais ábhartha beart na Danmhairge a chóimhalartú trína chur i bhfeidhm ar bhonn aonair agus comhdhlúite.

7. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis an mbeart a mholtar maidir le cómhálartacht a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta agus cumhachtaí maoirseachta a ghlacadh arna leagan síos i dTeideal VII, Caibidil 2, Cuid IV de Threoir 2013/36/AE.
8. Moltar do na Ballstáit beart a chómhálartú laistigh de thrí mhí ó fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

(\*) NACE Rev.2, Aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.;

(4) faoin Danmhairg, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne dar teideal 'III. Tairseach ábharthachta':

III. Tairseach ábharthachta

9. Déantar an beart a chomhlánú le tairseach ábharthachta atá sonrach d'institiúid bunaithe ar neamhchosaintí atá lonnaithe sa Danmhairg chun cur i bhfeidhm ionchasach an phrionsabail de minimis ag na húdaráis ábhartha a bheidh an beart á chómhálartú acu a stiúradh. Féadfar institiúidí creidmheasa a dhíolmhú ón gceanglas ráta mhaolánaigh um riosca sistéamach eárnálach ar choinníoll nach sáraíonn a risíochtaí eárnála ábhartha EUR 200 milliún, a chomhfhreagraíonn do thart ar 0.3 % d'iomlán na risíochtaí ar chuideachtaí réadmhaoine sa Danmhairg.
10. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, is ionann an tairseach ábharthachta EUR 200 bhilliún agus leibhéal uasta tairsí atá molta. Dá bhrí sin, in ionad an tairseach mholta a chur i bhfeidhm, féadfaidh údaráis ábhartha atá ag cómhálartú tairseach is ísle a shocrú dá ndlíní i gcás inarb iomchuí, nó an beart a chómhálartú gan aon tairseach ábharthachta. Agus an tairseach ábharthachta á socrú, ba cheart d'údaráis ábhartha breithniú a dhéanamh ar neamhchosaint an tsoláthraí seirbhíse airgeadais aonair ar an riosca macrastuamachta sainaitheanta sa Danmhairg agus measúnú a dhéanamh ar cibé acu is féidir nó nach féidir a mheas go bhfuil sé neamhábhartha.
11. I gcás nach bhfuil aon institiúidí creidmheasa údaraithe sna Ballstáit a bhfuil neamhchosaintí ábhartha sa Danmhairg acu, féadfaidh údaráis ábhartha na mBallstát lena mbaineann, de bhun Chuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, a chinneadh gan bearta na Danmhairge a chómhálartú. Sa chás sin, ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí agus moltar dóibh bearta na Danmhairge a chómhálartú i gcás go sáródh institiúid chreidmheasa na tairseacha ábharthachta faoi seach.'